
COSAINT ROMEO& JULIET NA HÉIREANN A THUISCINT

Gach Eolas atá de dhíth ar Oibrithe don Aos Óg



NYCI National Youth Council of Ireland

National Child Protection Programme

National Youth Health Programme

1 Céard is cosaint "Romeo and Juliet" ann?

- **Is díolúine dlí í seo a tugadh isteach in Alt 3(3) den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2006, arna leasú ag an Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2017[1].**
- **In Éirinn tugtar an chosaint "gaireacht aoise" uirthi[2].**

Is é cuspóir na díolúine seo ná daoine óga a chosaint ó choiriúlú mar gheall ar dhul i mbun gníomhaíochta gnéasaí comhthoiliúla le piaraí atá gar dóibh ó thaobh aoise de.

2 Cén uair a bhíonn feidhm aici?

D'fhéadfadh nach meastar gur cion í gníomhaíocht ghnéasach comhthoiliúil sna cúinsí seo a leanas:

- Nuair nach bhfuil bearna aoise de bhreis agus 2 bhliain idir an bheirt pháirtí.
- Thug an bheirt pháirtí toiliú.
- Nuair nach bhfuil ról údaráis nó ról iontaoibhe ag ceachtar de na páirtithe i leith an pháirtí eile.
- Nuair nach bhfuil an caidreamh bagrach ná dúshaothraithe.

Ciallaíonn sé sin go bhféadfadh duine a cúisíodh i gcion maidir le dul i mbun gnímh gnéasaigh le leanbh atá 15 nó 16 bliana d'aois, an chosaint seo a chur chun cinn má tá feidhm ag na coinníollacha thuas go léir. Is faoin gcúirt dlí atá sé cinneadh a dhéanamh má comhlíonadh na coinníollacha sin.

3 Céard í an aois toilithe in Éirinn?

- Is ionann an aois toilithe in Éirinn agus 17 mbliana d'aois.
- Ciallaíonn sé sin nach féidir le haon duine faoi bhun 17 mbliana d'aois toiliú do ghníomh gnéasach de réir dlí.
- Faoin bhforáil "gaireacht aoise", áfach, tá cosaint theoranta ann do dhaoine óga atá idir 15 go 17 mbliana d'aois a théann i mbun gníomhaíochta gnéasaí comhthoiliúla le piaraí.
- Bíonn toiliú an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí de dhíth i gcónaí d'ionchúiseamh linbh ar bith faoi bhun 17 mbliana d'aois.

4 An bhfuil aon eisceacht ag baint leis an gcosaint seo?


Ní bhíonn feidhm ag an gcosaint dhleathach seo sna cúinsí seo a leanas:

- Má tá fianaise dhúshaothraithe, chomhéigin nó mhealltóireachta ann.
- Má tá post údaráis (m.sh.: múinteoir, cóitseálaí, ceannaire óige sóisearach) ag duine óg amháin.
- Má tá bearna aoise de bhreis agus 2 bhliain ann.
- Ní raibh an ghníomhaíocht comhthoiliúil.

5 Céard iad na himpleachtaí d'oibrithe don aos óg?

- Cloígh le Tús Áite do Leanaí i gcónaí: Treoir Náisiúnta[3] chun ábhair imní maidir le cosaint leanaí a thuairisciú.
- Ná glac leis go bhfuil cás dlíthiúil bunaithe ar an difear aoise amháin – déan measúnú ar an mbaol agus téigh i gcomhairle le do Theagmhálaí Ainmnithe.
- Bí airdeallach ar do dhualgas um thuairisciú faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, nuair a d'fhéadfadh sé gur rinneadh díobháil do leanbh nó do dhuine óg nó go bhfuil siad i mbaol díobhála.

* **Tús Áite do Leanaí i gcónaí: Treoir Náisiúnta**





6 Conas is féidir linn tacú le daoine óga?

- Cuir tacaíocht atá neamhbhreithiúnach agus oiriúnach ó thaobh aoise de ar fáil.
- Leag béim ar thoiliú, ar shábháilteacht agus ar chaidrimh shláintiúla.
- Cinntigh go bhfuil siad ar an eolas faoina gcearta agus faoina bhfreagrachtaí.
- Tabhair treoir maidir le seirbhísí amhail Childline, SpunOut.ie nó clinicí sláinte ghnéis.

[1] An tAcht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2017 – Uimh. 2 de 2017 – Tithe an Oireachtais
[2] https://www.gov.ie/en/department-of-justice/publications/criminal-law-sexual-offences-act-2017/
[3] Children_First_National_Guidance_2017.pdf